

LIAM BUIDHE BÚRC.

Soir ó Ghaillimh bhí Liam Buidhe Búrc agus fear óg de Bhrianach, comrádaidhe leis. Duine uasal eile a bhí sa mBrianach. Bhí a dhúthaigh féin aige. Bhí siad a'troid i nEachdhruim an mhaidin ar thosuigh an cath. Na daoine a bhí i naice leis, badh é an tsamhail a bhí ann lá sin nuair a bhí an ghrian ag éirigh mar bheadh baile mór ann a bheadh ceann gloine air ag na claidhmhí a spréacharnigh leis an ngréin.

Bhí Liam agus an Brianach agus a dhá n-gual dá chéile agus thosuígheadar féin agus Sasanaigh a mharbhú agus a baint na gcloigeann dá chéile go rabh sé gar don dó dhéag sa lá. Chonaic Liam Sasanach ar chapall agus éadach plátailte uilig, helmet cruadhach ar a cheann agus é a marbú Éireannach, mar a bheadh Dia dá rádh leis. Chonaic an Sasanach Liam Buidhe a déanamh an chleas chéadna le Sasanacha dá leagan. Bhíodar féin a' triall ar a chéile agus ag a dó a chlog sa lá, tháinigheadar chun a chéile. Nuair a tháinig d'ionnsuígheadar fhéin a chéile agus chaitheadar uair go leith a chloig le chéile, gan ceachtar acab a déanamh aon bhuachtál ar a gceann eile.

Bhí an Sasanach ar a gcapall agus Liam ag obair gan capall ar bith nó gur éirigh Liam san aér faoi deireadh dhe léim den talamh as cionn a tSasanaigh agus gur bhuail sé agus mhullach a chinn é an Sasanach agus gur ghearr sé an helmet cruadhach agus an Sasanach treasna faoi n-a láimh agus go ndearna sé dhá leith den chapall agus gur chuir sé an claidheamh go dtí áit na láimhe sa talamh ina dhiadh. Bhí sé a gearradh annsin mar a bheadh spealadóir a gearradh féir, é féin agus an Brianach a gearrach Sasanach, nó go dtáinig siad ag Bearna Fola.

Bhí cloigeann agus fiche bainte anuas ag an mBúrcach ag Bearna Fola agus an naoidheadh cloigeann deag a shíl an Brianach bhaint anuas níor bhain sé ach an chluais agus píosa den leiceann den Sasanach agus nuair a chlis sé, "a chomradaidhe", adeir sé, leis an mBúrcach, "tá mo sheagh tugtha."

"Ná tabhair suas chomh dona sin", adeir an Búrcach, "coinnigh ort".

"Tá mé tugta suas, níl mé indon a ghul níos fuide", adeir an Brianach. Thug an Brianach suas. Níor bhfada gur gabhadh an Búrcach é fhéin.

Tóigeadh annsin iad arís. Nuair a tóigeadh iad, tóigeadh an t-arm. Tugadh anonn go Sasana Liam agus an Brianach iad fhéin agus an t-arm i n-éinfeacht leob. Caitheamh isteach na claidhmhí i sean-stór agus cuireadh Liam Buidhe i cell (seomra) dó fhéin agus an Brianach i n-áit eile. Ní rabh Liam Buidhe a fhágáil rud ar bith le n-ithe ach sgreamhóga an aráin. Ní rabh sé ag fágáil rud ar bith den taos le biorán air, a dheanamh uilc air, go dtí lá a d'tháinig a' turnkey isteach go dtí é.

"Muise a Bhúrca", adeir sé, "is iongantach liomsa go bhfuil tusa beo agus a laghad beatha atá a fhágáil le n-ithe".

“Fadó an lá bhéinn caillte marach sgreámhógaí an aráin atá mé a fhághail le n-ithe, mar tá sé níos láidre ná an taos agus sin atá dhoma choinneál beo”.

“Ach dá mba é an taos a bhí mé a fhágháil, is fadó bhí mé caillte”.

Bhí sé chomh suaidhte an t-am sin is nach bhfeacfeá súil ina cheann. Ní rabh blas ar bith ann, ach na crámhanna agus claibhreach ar na lámha le truailleachas agus air féin, cheal aon fholach éadaigh a bheith air.

Sin a rabh de ghrádh acab ar na h-Éireannaigh. Bhí sé annsin coinneithe nú go rabh sé insa riocht agus nach rabh sé i ndon eirghe ina sheasamh uaidh fhéin.

Tháinig Turcach annsin go Sasana, nach rabh aon uathbhás ariamh ach an neart a bhí ann agus chaithfeadh Sasana an oiread seo airgid a thabhairt don Sasanach an t-am sin agus a choinneal suas mara mbeadh fear acab a throidfeadh é.

Ní rabh sé ann le fagháil i Sasana agus dubhairt Rí Liam go rabh Sasana réidh cheal aon fhear a bhuailfeadh an Turcach. Gabh sé amach ins an ngáirdin ar a aghaidh dorus na cúirte le briseadh croidhe.

Bhí garrdhadóir insan ngáirdín ag obair ag Rí Liam. D’fhiafruigh an garrdhadóir de Rí Liam, nuair a chonaic sé an chosmhalacht a bhí air, d’fhiafruigh sé céard a bhí air. Agus dubhairt Rí Liam go rabh Turcach a tháinig isteach ar Shasana gur go mbeadh árdchíos air go bhfagadh sé fear a throideach é.

105

Badh é a bhí insa ngarrdhadhóir sean-saighdiúr Sasanach a bhí a troid i n-Eachdruim é féin agus dubhairt sé leis go rabh fhios aige féin fear a throidfeadh a Turcach.

Éireannach as Éirinn a dtugaidís Liam Buidhe a Búrcach air a thóigeadar i nEachdruim (“sé sin” adeir sé “má tá sé beo i bpriosún”).

Ní dhearna an Rí ach sgéala a chur chuig a ngoibheirneoir a bhí sa bpriosún a fhiafruigh a rabh an Búrcach beo. Chuir an goibheirneoir sgéal chuige go rabh sé dithbheo.

Agus nuair a chuir ní dhearna an Rí ach cóiste agus coisteóir a chur chuige a bpriosún ag iarraidh an Bhúrcaigh. Tháinig an coisteoir i láthair a Bhúrcaigh insa cell (seomra) agus nuair a tháinig sgannruigh sé nuair a chonaic sé é. Bhí sé a breathnú chomh truaillichte sin. Dubhairt sé le Liam Buidhe gur chuir an Rí Liam fios agus dubhairt a’ Búrcach leis nach ngabhfadh sé go dtí é. Tháinig an coisteoir le sgéal chuig an Rí agus d’innis sé an sgéal dó.

Dubhairt an Rí leis an gcoisteoir arist ghul go dtí an Búrcach aríst go rabh sé féin dá iarraidh go rabh graithe aige dhe. Nuair a tháinig an coisteoir isteach go dtí Liam dubhairt sé leis gur iarr an Rí air teacht go dtí é agus deifir a dheanamh. Dubhairt an Búrcach leis nach ngabhfadh nach rabh baoghal air.

Tháinig an coisteoir go dtí an Rí le sgéala agus dubhairt sé leis go ndubhairt an Búrcach nach dtiocfadh, nach rabh baoghal air.

Chuimhrigh an Rí air fhéin agus dubhairt sé go mbféidir go rabh sé as bealach, go mbféidir go mbadh é a áit fhéin a ghul ann agus gan aon teachtaire a chuir chuige. Fuair an Rí cóiste

réidh é fhéin agus chuaidh sé chuig a bpríosún san áir a rabh Liam a Búrca. Nuair a chonaic sé é sgannruigh sé agus an chaoi a bhí air Liam bhí sé chómh féachta sin ag an aimsir a bhí fáigthe aige.

Mar sin féin labhair sé le Liam agus d'fhiafrúigh sé dhe a mbeadh sé indon an Turcach a throid aon lá go deo.

Dubhairt Liam leis nach labhróchadh sé leis {an Rí} go gcuirfadh caoi éicint air féin.

"Tuigim fhéin go bhfuil tú ceart", adeir an Rí. Thug sé barradóir isteach ar a gcéad iarraidh. Thug sé culaidh éadaigh, uaireadóir agus chuile short a d'fheilfeadh do dhuine uasal dó.

"Nuair a thug anois a Liam", adeir an Rí, "measann tú a mbeadh thú i ndon an Turcach a throid as seo go ceann deich mbliana ar aon bhord liom fhéin agus i n-aontheach liom fhéin go ceann deich mbliana".

"Mura mbeidh mé indon é a throid faoi cheann chúig mbliana", adeir Liam, "ní throidfidh mé go deo é".

Bhí an-bhród ag Rí Liam as an Éireannach, nuair adubhairt sé an focal. Chuaidh an Rí annsin faoi easgaill le Liam Buidhe agus an cóisteóir faoi'n easgaill eile, dhá thabhairt amach ag an gcóiste agus thug sé abhaile é. Nuair a thug, trí seachtainí bhí sé ann, tigh an Rí, nuair a thosuigh sé a'caitheamh meadhachain a bhí aca insa ngairdín, ach an fear is fearr eile a bhíodh a caitheamh an mheadhachain. Thugadh Liam dhá urchar dó i gceann na dtrí seachtaine agus thaithnigh sé le Rí Liam an-mhór. Uaidh sin amach go rabh sé leith bhliain ann ní rabh aon fhear sórt obair ar bith a ghabhadh sí a dhéanamh, ní rabh siad i ndon aige. Nuair bhí sé, sé mhí i néinfheacht le Rí Liam ghabh sé amach.

Nigh sé é fhéin, ghlan sé é agus tháinig sé isteach go dtí Rí Liam, agus dubhairt sé leis, mara dtroidfeadh sé an Turcach indiú nach dtroidfeadh sé go deo é.

"Sin é an rud céadna", adeir Rí Liam, "nach dtiubhradh mé cead dhuit a dhéanamh, go ceann sé mhí eile, go neartóchadh sé mar dhóigh é, tigh an Rí. " Adeir an Búrcach, "mara bhfágaidh mé cead a throid an t-am atá ann ní throidfidh mé choidhche é".

Cuireadh sgéal chuig a Turcach go rabh Liam Buidhe a gul dhá throid i mbárach.

"Sin é a bhfuil uaim-se", adeir a Turcach, adeir sé.

Rinneadh aitreabh annsin, dóibh, saltracha móra faoi, urlár clár os a gcionn nó gur déanadh aitreabh dóibh féin, nach mbeadh duine ar bith ach an dá ghaisgidheacht claidhe thimcheall air, claidhe mór árd nach mbeadh duine ar bith ina n-aice, ach iad fhéin agus geata acab le gul isteach is amach.

D'iarr Liam annsin san oidhche ar an Rí claidheamh a fhagháil dó leis an Turcach a throid agus chuir an Rí fear amach ag iarraidh claidheamh le haghaidh Liam.

Tháinig sé isteach agus an claidheamh aige agus shin sé chuig an mBúrcach é. Rug sé air agus chaith sé é agus d'imthigh an claidheamh ó áit na láimhe uaidh, nuair a chaith sé é leis an gcrathadh a bhain sé as.

"Níl aon mhaith dhom-sa a milleadh a {bhur} gcuid airm oraí, mar nach bhfuil aon chlaidheamh i Sasana i ndiu nach gcuirfidh's mise an caoi sin air ach, cá bhfuil an t-ainm a thóg sibh i n-Eachdruim", adeir sé. Dubhradh leis go rabh sé i sean-stór caithte má tá adeir Liam, "tá mo chlaidheamh-sa ann".

"Tá m'ainm agus mo shloinneadh sgríobhtha ar a thaobh, "Yellow Bill Burke". Arnú ghabh siad ag a stór agus chuadar a cairt airm Eachdruim uilig agus badh ó chaidheamh Liam a fuaradar leagtha anuas ar an urlár. Sé a bhí i n-íochtar uilig. Thug chuig Liam ag tigh an Rí an claidheamh agus thugadar dhó é agus nuair a thug chraith sé an claidheamh agus bhuail sé a dhá cheann ar a chéile agus tháinig caoi uathbhásach feadháin air.

Sgannruigh Rí Liam leis an ngoithe a chonaic sé ar an mBúrcach agus níor labhair sé go ceann tamaill.

"Muise, a Bhúrca, gabhain párdúin agad", adeir an Rí, ar Eachdruim a chuimhnigh tú.

"Dar bhrígh an phortúis", adeir Liam Buidhe, "shíl mé gur i lár a chatha a bhí mé, i nEachdruim, nuair a spadhar mé agus hóbair go mbeadh mísg mhór deanta agam."

Bhí sin ceart go dtí i mbárach.

Chuadar ag an áit a rabh an cogadh ag bheith idir é fhéin agus an Turcach i n-aonchoiste amháin.

Nuair a chuaidh bhí an Turcach rómpab ar áit na troda agus sheas cóiste an Rí ag an ngeata a rabh an Búrcach le gul isteach ann. Nuair a sheas chuaidh Liam Buidhe Búrcach amach as a gcóiste, agus shiubhail sé go dtí an geata agus chuaidhe de léim thairis, agus a chlaidheamh ina láimh. "Is maith a fear thú", adeir an Turcach, "agus is rí-mhaith a fear thú agus más maith fhéin ní fear le m'aghaidh-sa thú".

Shiubhail Liam suas agus a chlaidheamh ina láimh go dtí an Turcach agus tharraig sé a chlaidheamh agus bhuail sé ceann na saileach agus chuir sé an claidheamh síos go dtí n-a leath insa tsail agus, shiubhail sé fhéin go leath-thaobh agus dubhairt sé leis an Turcach an claidheamh a bheith tarraingte as an t-sail aige, nuair a thiocfadh sé fhéin. Rug an Turcach ar a gclaidheamh agus dá mbeadh sé ó shoin léithe ní tharraingeochadh sé í.

Nuair a tháinig a Búrcach d'fíafuigh sé ar tharraing sé an claidheamh, dubhairt an Turcach nár tharraing, nach dtarraingeachadh a rabh i Sasana í. Tháinig a Búrcach é féin agus rug sé uirthé agus bhuail sé buille de bharr a bhróige uirthé, agus chrath sé as a t-sail í agus thug sé leis í.

"Sé an bealach a bhfuil muid a gul a troid", adeir an Turcach le na{r} lámhanna ní bheidh aon arm againn ach na doranna agus níor throid Liam ariamh ar an mbealach sin go dtí an lá sin.

D'ionsuigheadar fhéin a chéile annsin ar na dornanna. Má d'ionsuigh fhéin níor bhfada gul bhuail an Turcach Liam agus gur leag sé é agus d'fíafuigh a Turcach dó a rabh a dhóthain aige. Dubhairt Liam nach rabh. D'ionsuigheadar a chéile an dara huair agus bhíodar tamall maith le chéile. Bhuail Liam é isteach ar a ngiall agus rinne sé dhá leith de ghiall a Turca agus thuit sé.

Nuair a d'éirigh a Turcach d'fhiafruigh Liam dhi a rabh a dhóthain aige féin agus dubhairt a Turcach go rabh, go ceann lá agus fiche go bfuigheadh sé biseach. Cuireadar ar gcúl é agus bhí bród ar Rí Liam as a'sgéal nó go rabh na trí seachtaine thuas. Nuair a bhí chuadar chuig an áit aríst agus bhí an Turcach rompab agus uaisle Shasana uilig, cruinnighthe a breathnú ortha.

"Anois", adeir Liam, adeir sé, "ón lá a rugadh mise níor throid mé le dorna go dtí an lá deireannaí.

"Sé an bealach ar tógadh mise i nÉirinn, mé fhéin agus a't-aos óg a bhí ann, nuair a théigheadh muid isteach i dtightheadha, cárnán móna chaithte ins na clúideanna, muid féin a coraidheacht agus a tachtadh a chéile ins a móin, agus ní córtha don Turcach, lá fagháil dó féin, ná mise a fhagháil lá dom féin leis a gceird ar tóigeadh mé fhéin leis".

"Glanaigí suas teach mór fairsing i Sasana dúinn, agus ná fagaidh ní dár chruthuigh Dia ariamh, istigh sa teach ach ballaí an tighe follamh agus gabhfaidh mise agus an Turcach isteach ann, agus glas a chur taobh amuich arainn agus pé bí té a'inn a bhéas beo é a bheith beo agus a té a bhéas marbh a bheith marbh agus gan an doras a fhosgailt go deo go mbeadh duine eicínt marbh".

Dubhradh go mba é sin an ceart ar an bpointe agus ghlanadh teach mór dóibh agus cuireadh isteach ann iad agus nuair a bhí an Turcach a gul isteach, bhí a bhean taobh amuich ag an doras agus bhuail sí bos ar dhruim a fir agus dubhairt sí leis putóga an Éireannaigh a bheith aige a ghul amach.

"Ná bíodh imridhí ort", adeir a Turcach.

Nuair bhí siad istigh buaileadh glas orthab. Dúnadh an doras agus d'ionnsuigheadar a chéile istigh agus shílfeá nach mbeadh aon teach i na ndiadh, le na rabh de réabadh acab. Ní rabh fhios cé acab ab fhearr ná ba dona go dtí amach ins an aimsir dheridh go rabh an torann laguighthe agus nach rabh fhios cé bhí beo, go dtáinigtheas ag a' doras agus gur buaileadh é taobh istigh.

Nuair a h-osgluigheadh a' doras, chuir Liam Buidhe Búrca a cheann amach agus lán a ghlaice de phutóga a' Turcaigh aige, a gul amach.

"Seo anois", adeir sé, le bean a Turca, "putógaí Turca dhuit agus leabhaidh putógaí Éireannaigh", dá bhualadh idir an dá shúil agus dá dalladh.

"Trí impidhe ar bith", adeir Rí Liam, "atá tú a iarraidh gheithfidh iad, ar t-fheabhas féin d'fhear.

"Mo phas féin go deo", adeir Liam Buidhe, "gan aon láimh a bheith ag Sasana liom, go deo agus a phás a ghuil do mo comrádaí an Brianach, má tá sé beo".

"An tríomhadh ní mo dhúithaigh féin, a thabhairt suas slán dom go deo".

"Sin é an rud céadna atá fáighthe de léim agad", adeir Rí Liam, "agus is maith an aghaidh ort é" agus shaighneáil sé ar a bpointe é.

Chuaidh duine go dtí an príosún a tóraidheacht an Bhrianaigh a féachaint a rabh sé beo,
agus tháinig an Brianach chun láthair agus sé a chéad rud a d'fhiafruigh sé, Mr Burke, "ar iarr
tú mó dhúthaigh-sa"?

"Dár a leabhair", adeir sé, "níor chuimhnigh mé uirthé, ach beathóchaidh mo dhúthaigh féin
muid le chéile an fhad is bhéas muid beo".

Tugadh anall go Gaillimh iad agus d'fhagadar i nGaillimh iad, ach deamhain sgéal ná sguan
a fuair mise ortha le sé mhí.

"Beannacht dílis Dé agus na hEaglaise le h-anam na marbh, is go mo mba seacht míle fearr
muid féin agus a'cúmhíodar bliain ó anocht agus amen.

Leanthas Liam Buidhe ina dhiadh sin Sasana le dioghaltas a bhaint

An Sasanach a casadh leis an mBrianach ina dhiadh sin, mac an fhir a bhain sé cluais de i
nEachdruim.

An patrúin a bhí i gCill Chiaráin fadó.

Donnchadh mór an chroidhe bhig.

féil Sin Seain = an teine

4 XII 1939

Nótaí

96

Is fuide go deo ná go Bealtaine

Fiche bliain gan ciall gan cuibhis

Fiche bliain faoi chroidhe is faoi mhisneach

Fiche bliain i gcómhchiall duine

Fiche bliain do réir na giollaidheach

Tá a bhiseach tugtha

Growth is over.

Caipitín Mac Gearailt

"Ní hé tráth an fhaltanais é.

Caileach na h-Átha Buidhe

I gCo Mhuigheo.

Mulach go spioraid an Tighearna, gan dith gan dochar a dhéanamh domsa ná d'aon duine
eile.